Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Nollaig 2023
(OR. en)

16056/23
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0081(COD)**

COMPET 1183
IND 632
MI 1053
BETREG 38
DIGIT 284
ECOFIN 1293
EDUC 467
ENER 645
POLCOM 298
RECH 531
CODEC 2291

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15440/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7613/23 + 7613/23 ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta)<br>*- Cur chuige ginearálta*<br>*- Ráiteas Comhpháirteach ón mBulgáir, ón gCróit, ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón bhFrainc, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóvaic agus ón tSlóivéin* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas comhpháirteach ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cróite, Phoblacht na Seice, na hUngáire, na Fraince, na Polainne, na Rómáine, na Slóvaice agus na Slóivéine maidir leis an ábhar thuasluaite ag féachaint do chruinniú na Comhairle Iomaíochais an 7 Nollaig 2023.

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN mBULGÁIR, ÓN gCRÓIT, Ó PHOBLACHT NA SEICE, ÓN UNGÁIR, ÓN bhFRAINC, ÓN bPOLAINN, ÓN RÓMÁIN, ÓN tSLÓVAIC AGUS ÓN tSLÓIVÉIN**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear**

**creat beart chun éiceachóras monaraíochta tháirgí teicneolaíochta glan-nialasacha an Aontais a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**

Meabhraítear don **Bhulgáir, an Chróit, Poblacht na Seice, an Ungáir, an Fhrainc, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSlóivéin** a thábhachtaí atá prionsabal na neodrachta teicneolaíche agus ceart ceannasach na mBallstát a meascán fuinnimh a chinneadh. I ndáil leis an méid sin, leagann siad béim ar an ngá atá ann na prionsabail agus na cearta sin a urramú go cuí agus a chur san áireamh go hiomlán i mbeartais Eorpacha. Ag athdhearbhú dóibh gur dlúthchuid de straitéis aistrithe fuinnimh na hEorpa iad teicneolaíochtaí núicléacha, is díol sásaimh dóibh go n-áirítear in Airteagal 3b teicneolaíocht eamhnaithe núicléach, lena n-áirítear timthriall an bhreosla, mar chomhlánú ar na teicneolaíochtaí eile saor ó iontaise is gá chun cuspóirí aeráide agus slándála fuinnimh an Aontais a bhaint amach.
Ag tabhairt dá n-aire nach ndéanann liosta na dteicneolaíochtaí straitéiseacha in Airteagal 3b(1) réamhbhreith ar leithdháileadh chistiú an Aontais, cuireann siad in iúl go bhfuil feidhm fós ag na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le maoiniú agus na forálacha sin á gcur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is féidir agus leanfar de na teicneolaíochtaí sin go léir a mheas chun rochtain a fháil ar mhaoiniú ón Aontas, lena n-áirítear le haghaidh tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta./

---